RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1617 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Lúnasa 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Na bearta atá i bhfeidhm

(1) An 17 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ([2]) lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice ('an táirge faoi imscrúdú') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann'). Bhí an dleacht frithdhumpála chinntitheach a forchuireadh ar dtús idir 19,7 % agus 44 % ('an dleacht a forchuireadh ar dtús').

(2) Ina theannta sin, tá an táirge faoi imscrúdú faoi réir dleacht frithchúitimh chinntitheach idir 5,1 % agus 10,3 %, arna fhorchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún ([3]), arna cheartú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/469 ón gCoimisiún ([4]). Níl an dleacht frithchúitimh faoi réir an ath-imscrúdaithe seo, áfach. Tar éis an dleacht frithchúitimh chinntitheach a fhorchur ar an táirge faoi imscrúdú, ionas nach ndéanfar na héifeachtaí fóirdheonaithe a fhritháireamh faoi dhó, laghdaíodh an dleacht frithdhumpála chinntitheach go raon 14,6 % go 33,7 %.

1.2. Iarraidh ar ath-imscrúdú ionsúcháin

(3) Fuair an Coimisiún iarraidh ar ath-imscrúdú ionsúcháin ar na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de bhun Airteagal 12 de 'an bun-Rialachán'.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 410, 18.11.2021, lch. 51).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne (IO L 12, 19.1.2022, lch. 34).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/469 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne (IO L 96, 24.3.2022, lch. 36).

(4) Rinne Europacable ('an t-iarratasóir') an iarraidh thar ceann tháirgeoirí an Aontais an 28 Deireadh Fómhair 2022. Is ag an iarratasóir atá breis agus 25 % de tháirgeacht cáblaí snáthoptaice iomlán an Aontais.

(5) Tá fianaise leordhóthanach curtha isteach ag an iarratasóir a léiríonn gur tháinig laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin na Síne tar éis thréimhse an imscrúdaithe bunaidh, agus gur chuir an laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin na Síne bac ar na héifeachtaí ceartaitheacha na mbeart atá i bhfeidhm faoi láthair. Thug an fhianaise atá san iarraidh le fios nach féidir an laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin a mhíniú le laghdú ar phraghas an amhábhair mhóir nó na gcostas eile ná le hathrú ar tháirgí measctha.

1.3. **An t-imscrúdú frithdhumpála a athoscailt**

(6) An 8 Nollaig 2022, d'athoscail an Coimisiún an t-imscrúdú frithdhumpála trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ('an Fógra um Athoscailt') ([5]).

(7) Bhain an t-ath-imscrúdú leis na dleachtanna frithdhumpála reatha a fhorchuirtear faoi láthair, mar a leagtar amach in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ón gCoimisiún ('an bun-Rialachán'), arna leasú agus arna gceartú.

1.4. **Páirtithe leasmhara**

(8) San Fhógra um Athoscailt, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, is iad an t-iarratasóir, na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus na hallmhaireoirí arb eol iad a bheith bainteach agus údaráis na tíre lena mbaineann a chuir an Coimisiún ar an eolas go sonrach faoin ath-imscrúdú agus d'iarr sé orthu páirt a ghlacadh ann.

(9) Tugadh an deis do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí tráchtála.

1.5. **Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne**

(10) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra um Athoscailt a sholáthar don Choimisiún. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí eile ar spéis leo a bheith páirteach san ath-imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(11) Sholáthair aon táirgeoir onnmhairiúcháin déag sa tSín an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil. Ba iad na grúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ná FiberHome Telecommunication Technologies Co., Ltd. agus cuideachtaí gaolmhara ('an grúpa FTT') agus Jiangsu Zhongtian Technology Co., Ltd. agus cuideachtaí gaolmhara ('an grúpa ZTT'). Ba ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte 58 % de mhéid iomlán measta na n-onnmhairí cáblaí snáthoptaice ón tSín chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin (ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022). Bhí an sampla a roghnaíodh comhionann leis an sampla san imscrúdú as ar eascair forchur na dleachta a forchuireadh ar dtús ('an t-imscrúdú bunaidh').

(12) I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann, agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil agus dá bhrí sin deimhníodh an sampla.

([5]) Fógra um athoscailt an imscrúdaithe frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 467, 8.12.2022, lch. 36).

1.6. **Sampláil na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara**

(13) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra um Athoscailt a sholáthar.

(14) Sholáthair dhá chuideachta (Cable 77 Danmark Aps agus Connect Com GmbH) an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Nuair a bhí anailís déanta ar an bhfaisnéis samplála a sholáthair siad, chinn an Coimisiún nach raibh gá leis an tsampláil agus d'iarr sé ar an dá chuideachta chomhoibríocha a gcuid freagraí a chur isteach ar an gceistneoir le haghaidh allmhaireoirí neamhghaolmhara.

1.7. **Freagraí ar na ceistneoirí agus ar na fíoruithe**

(15) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na grúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus chuig na cuideachtaí a chuir faisnéis ar fáil a iarradh ó allmhaireoirí neamhghaolmhara. Cuireadh na ceistneoirí ar fáil ar líne lá an tionscnaimh freisin ([6]).

(16) Chuir ceann de na cuideachtaí sin, Cable 77 Danmark Aps (An Danmhairg), allmhaireoir neamhghaolmhar, freagra neamhiomlán isteach ar an gceistneoir. Sheol an Coimisiún litir easnaimh inar iarradh faisnéis bhreise. Níor thug an chuideachta freagra, áfach. Chuir an dara chuideachta, Connect Com GmbH (an Ghearmáin), in iúl don Choimisiún nár allmhairigh sé an táirge faoi imscrúdú ón tSín le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin ach gur cheannaigh sé é ó chuideachtaí atá lonnaithe san Aontas. Dá bhrí sin, níor mheas an Coimisiún gur allmhaireoir neamhghaolmhar an chuideachta sin de réir bhrí an bhun-Rialacháin i gcomhthéacs an ath-imscrúdaithe seo. Dá bharr sin, níor fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis a sholáthair an dá chuideachta sin agus níor úsáid sé an fhaisnéis sin san ath-imscrúdú seo.

(17) Lorg an Coimisiún an fhaisnéis uile, agus d'fhíoraigh sé í nó rinne sé cros-seiceáil ar an bhfaisnéis sin a mheastar a bheith riachtanach chun críche an ath-imscrúdaithe seo, a chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar fáil. I bhfianaise ráig COVID-19, ní fhéadfadh an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ar áitreabh FiberHome Telecommunications Technologies Co., Ltd agus Nanjing Wasin Fujikura Optical Communication Ltd. (ar leis an nGrúpa FTT iad araon) agus ar áitreabh Jiangsu Zhongtian Technology Co., Ltd., Zhongtian Power Optical Cable Co., Ltd., ZTT International Limited agus ZTT Europe GmbH (ar leis an nGrúpa ZTT iad go léir). Ina ionad sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil go cianda trí fhíschomhdháil ar an bhfaisnéis a sholáthair na cuideachtaí sin, i gcomhréir lena Fhógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ([7]).

(18) Ina theannta sin, rinne an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ar áitreabh na n-allmhaireoirí gaolmhara seo a leanas san Aontas ar cuid den ghrúpa FTT iad:

— FiberHome International Germany GmbH, an Ghearmáin;

— FiberHome International Poland Sp. z o.o., an Pholainn.

1.8. **An tréimhse a chumhdaítear leis an ath-imscrúdú ionsúcháin**

(19) Bhí tréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin ar siúl ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022. Ba tréimhse an imscrúdaithe bunaidh ar siúl ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020.

1.9. **Barúlacha maidir leis an iarraidh agus maidir leis an tionscnamh**

(20) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an iarraidh agus maidir leis an tionscnamh ó Connect Com GmbH ('Connect Com'), allmhaireoir neamhghaolmhar a chomhoibrigh san imscrúdú bunaidh.

([6]) Ar fáil ar https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2642.

([7]) Fógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais, IO C 86, 16.3.2020, lch. 6

(21) Mhaígh Connect Com nach raibh an meánphraghas in aghaidh an chiliméadair chábla ina thráscaire fiúntach le húsáid chun a sheiceáil ar ionsúdh na dleachtanna frithdhumpála toisc go raibh cáblaí le líon ard snáithíní níos costasaí in aghaidh an chiliméadair chábla ná cáblaí le líon íseal snáithíní. D'áitigh Connect Com gurbh é an t-athrú ar mheascán táirgí a díoladh roimh fhorchur na ndleachtanna frithdhumpála agus ina dhiaidh ba chúis le titim an mheánphraghais in aghaidh an chiliméadair chábla.

(22) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh an t-iarratasóir ag brath ar phraghsanna allmhairiúcháin ó bhunachar sonraí TARIC Eurostat don táirge faoi imscrúdú, arb é an gnáthchleachtas é toisc go mbailítear na sonraí staidrimh bunaithe ar an tuairisc ar an táirge ina hiomláine, seachas ar chineálacha táirgí aonair. Mheas an Coimisiún gur leor an t-ath-imscrúdú a athoscailt an athuair ar an mbonn sin. Ina theannta sin, tugadh faoi deara nár chuir Connect Com aon fhianaise isteach a léiríonn gur tháinig laghdú ar an bpraghas allmhairiúcháin mar thoradh ar athrú ar an meascán táirgí. Le linn an ath-imscrúdaithe, bhailigh an Coimisiún sonraí níos mionsonraithe ar leibhéal an chineáil táirge bunaithe ar uimhreacha rialaithe táirgí ('PCNanna') agus bhí sé in ann comparáid a dhéanamh idir praghsanna na gcineálacha táirgí céanna mar a mhínítear in aithris (40). Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(23) Luaigh Connect Com freisin nach raibh an t-aonad tomhais 'kg' nó 'tonaí' coitianta sa ghnó cábla. Ba iad na gnáthaonaid tomhais do cháblaí méadair nó ciliméadair.

(24) Thug an Coimisiún dá aire, amhail i gcás gach táirge eile i mbunachar sonraí TARIC Eurostat, go bhfuil méideanna allmhairí an táirge faoi imscrúdú ar fáil i dtonaí/kg, i dteannta ciliméadair chábla. Léirigh iarraidh an iarratasóra na méideanna (ábhartha) allmhairí sa dá aonad, mar aon leis an bpraghas ábhartha in aghaidh gach aonaid. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(25) Mhaígh Connect Com, ós rud é nár breithníodh praghsanna ach go dtí deireadh an chéad leath de 2022, go raibh toradh saofa ann, mar a léirítear san iarraidh, toisc gur tháinig méadú arís ar na praghsanna i mí an Mheithimh 2022 agus go rabhthas ag súil go leanfaidh sé sin ar aghaidh sa dara leath de 2022.

(26) Mheabhraigh an Coimisiún, i bhfianaise dháta taiscthe na hiarrata, an tréimhse a úsáideadh san iarraidh chun treochtaí dar críoch an 30 Meitheamh 2022 a thaispeáint, gurbh í an tréimhse is déanaí ina raibh tacar iomlán sonraí ar fáil do na hiarratasóirí tráth na hiarrata. Ina theannta sin, le linn an ath-imscrúdaithe, rinne an Coimisiún measúnú ar phraghsanna go dtí deireadh thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, i.e., an 30 Meán Fómhair 2022. Mar sin, an tréimhse ar lena linn a tháinig méadú ar phraghsanna, de réir Connect Com, bhí sí ar áireamh go páirteach i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(27) D'easaontaigh Connect Com freisin leis an gcúisíocht idir na praghsanna a líomhnaítear a bheith tite agus forchur na ndleachtanna. Mhaígh sé gur tháinig laghdú an-mhór ar an bpraghas ó mhí Lúnasa 2021 go dtí mí Mheán Fómhair 2021, sular forchuireadh na dleachtanna agus nach raibh an titim praghsanna ina dhiaidh sin ó EUR 10 i mí na Nollag 2021 go EUR 7 i mí an Mheithimh 2022 suntasach a thuilleadh agus nach raibh baint aici le forchur na mbeart.

(28) De réir Airteagal 12 den bhun-Rialachán, nuair a bheidh fianaise leordhóthanach ann go bhfuil dualgais á n-ionsú, d'fhéadfaí an t-imscrúdú bunaidh a athoscailt arna iarraidh sin d'aon pháirtí leasmhar. Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir isteach a léiríonn gur tháinig laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin na Síne tar éis thréimhse an imscrúdaithe bunaidh. I bhfianaise na faisnéise sin, chinn an Coimisiún an t-ath-imscrúdú ionsúcháin a oscailt. Thairis sin, le hAirteagal 12(2) den bhun-Rialachán, ceadaítear don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar fhianaise ar laghduithe ar phraghsanna a tharlaíonn tar éis thréimhse an imscrúdaithe bunaidh agus roimh fhorchur na ndleachtanna, amhail na dleachtanna a phléigh Connect Com. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh a chuir Connect Com chun tosaigh.

1.10. **Nochtadh**

(29) An 1 Meitheamh 2023, nocht an Coimisiún na fíricí agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn sin a bhí sé beartaithe aige an dleacht chinntitheach frithdhumpála ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na Síne a leasú. Ceadaíodh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh. Fuair an Coimisiún barúlacha ón ngrúpa FTT, an grúpa ZTT agus Twentsche (Nanjing) Fibre Optics Ltd ('TFO').

(30) Mhaígh TFO, táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch neamhshampláilte, go ndearnadh neamhaird ar a iarraidh ar scrúdú aonair. Thairis sin, mhaígh TFO go raibh sé faoi úinéireacht 100 % ag an gcuideachta Ollannach TKH Group NV agus go ndíolann sé cáblaí snáthoptaice faoi ghnáthchoinníoll iomaíochta lena fhochuideachta san Aontas. Mhaígh siad freisin nár athraigh praghsanna idir tréimhse an imscrúdaithe bunaidh agus tréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin. Ar deireadh, d'easaontaigh siad le measúnú an Choimisiúin maidir leis an dleacht dumpála is infheidhme maidir leis mar thoradh ar an imscrúdú frith-ionsúcháin.

(31) Tugann an Coimisiún dá aire go ndearna TFO iarraidh ar scrúdú aonair san imscrúdú bunaidh. Le linn an imscrúdaithe bunaidh, diúltaíodh dá iarraidh ar scrúdú aonair mar a mhínítear in aithris (40) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ba é an dleacht is infheidhme maidir le TFO an dleacht do chuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte mar a mhínítear in aithrisí (397) agus (565) den bhun-Rialachán. San imscrúdú reatha, ríomh an Coimisiún corrlach dumpála na gcuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin mar a mhínítear in aithris an Rialacháin seo. Méadaíodh an dleacht is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte den imscrúdú bunaidh mar a mhínítear in aithris (99) an Rialacháin seo.

(32) Maidir le scairsheilbh TFO, thug an Coimisiún dá aire gur táirgeoir onnmhairiúcháin é TFO atá bunaithe sa tSín a onnmhairíonn chuig an Aontas agus atá faoi réir na dleachta frithdhumpála do na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte. TFO a bheith faoi úinéireacht cuideachta eile atá bunaithe san Aontas, níl aon tionchar aige sin ar an gcinneadh seo ná ar infheidhmeacht an ráta dleachta ábhartha. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(33) Tar éis an nochta deiridh, tugadh deis do pháirtithe leasmhara éisteacht a fháil. Níor iarradh aon éisteachtaí.

(34) An 26 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún nochtadh deiridh breise ar fáil do na páirtithe leasmhara ar ar a mbonn sin a bhí sé beartaithe aige an dleacht chinntitheach frithdhumpála ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na Síne a leasú. Ceadaíodh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh breise. Fuair an Coimisiún barúlacha ón ngrúpa FTT agus ón ngrúpa ZTT.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ

(35) Is é atá sa táirge faoi imscrúdú cáblaí snáthoptaice aonmhóid, iad comhdhéanta de shnáithín amháin nó níos mó a bhfuil gach ceann faoi seach ina thruaille féin, faoi chásáil chosanta, bíodh seoltóirí leictreacha iontu, de thionscnamh na Síne, agus a thagann faoi láthair faoi chód CN ex 8544 70 00 (cód TARIC 8544 70 00 10).

(36) Cuirtear na táirgí seo a leanas as an áireamh:

i. cáblaí ina bhfuil na snáithíní optúla uile feistithe ceann ar ceann le nascóirí oibríochta ag ceann amháin nó ag dhá cheann an chábla; agus

ii. cáblaí le haghaidh úsáid fhomhuirí. Is éard atá sna cáblaí le haghaidh úsáid fhomhuirí cáblaí plaisteacha inslithe de shnáithíní optúla inslithe, ina bhfuil seoltóir copair nó alúmanaim agus snáithíní i modúl nó i modúil mhiotail.

(37) Úsáidtear na cáblaí snáthoptaice mar mheán tarchurtha optúil i líonraí teileachumarsáide i líonraí cianaistir, meitreo, agus rochtana.

3. TORTHAÍ AN ATH-IMSCRÚDAITHE IONSÚCHÁIN

(38) Is é is aidhm don ath-imscrúdú ionsúcháin de bhun Airteagal 12 den bhun-Rialachán a shuí ar laghdaigh praghsanna onnmhairiúcháin nó an raibh aon ghluaiseacht, nó gluaiseacht neamhleor, i bpraghsanna athdhíola nó i bpraghsanna díola ina dhiaidh sin san Aontas, ar an táirge a bhí faoi imscrúdú tar éis thréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Ar an dara céim, má thagtar ar an gconclúid gur cheart go mbeadh gluaiseachtaí ar na praghsanna sin mar thoradh ar an mbeart, déanfar athmheasúnú ar phraghsanna onnmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 2 den bhun-Rialachán chun deireadh a chur leis an díobháil a suíodh roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 3 den bhun-Rialachán agus déanfar corrlaigh dhumpála a athríomh chun na praghsanna onnmhairiúcháin athmheasúnaithe a chur san áireamh.

3.1. **Athrú ar phraghsanna onnmhairiúcháin**

(39) Chun a chinneadh ar laghdaíodh praghsanna onnmhairiúcháin, shuigh an Coimisiún ar dtús, i gcás gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte, a chostas, a phraghsanna onnmhairiúcháin árachais, agus last-táillí (CAL) ag teorainn chustaim an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin agus chuir sé na praghsanna sin i gcomparáid leis na praghsanna onnmhairiúcháin comhfhreagracha CAL a cinneadh le linn an imscrúduithe bunaidh i leith thréimhse an imscrúdaithe bunaidh.

(40) I gcás gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin, rinne an Coimisiún comparáid idir praghsanna na gcineálacha táirgí a dhíoltar i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin le praghsanna na gcineálacha céanna táirgí a dhíoltar i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh agus rinne siad an difríocht sna meánphraghsanna ualaithe a ríomh ina leith. Níor díoladh gach cineál táirge a dhíoltar i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh freisin. Chun leibhéal leordhóthanach inchomparáideachta a áirithiú, rinne an Coimisiún comparáid idir praghsanna na gcineálacha táirgí 'neamh-mheaitseáilte' is mó a dhíoltar i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin le praghsanna na gcineálacha táirgí is cosúla a díoladh i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh, i gcás ina bhfuil fáil orthu.

(41) Mar thoradh ar an gcomparáid thuas a rinneadh maidir leis an dá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, tháinig laghdú 50,5 % ar an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe don ghrúpa FTT agus laghdú 13,2 % ar an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe don ghrúpa ZTT.

(42) Maidir leis an maíomh a rinne Connect Com mar a luaitear in aithris (21), léirigh an t-imscrúdú gur onnmhairigh grúpa sampláilte amháin de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na PCNanna céanna i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin agus a d'onnmhairigh sé i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh, agus gur dhíol an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte eile PCNanna eile i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin nár onnmhairigh sé i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Léirigh an t-imscrúdú gur tháinig laghdú ar na praghsanna i gcás na PCNanna comhoiriúnacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(43) Ós rud é gur tháinig laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 12(2) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún corrlaigh dhumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a athríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2 den bhun-Rialachán.

(44) Chuir an grúpa ZTT in iúl gur cheannaigh ZTT Europe GmbH ('ZTT Europe'), a allmhaireoir gaolmhar san Aontas, gach táirge faoi imscrúdú a athdhíoladh le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin sular forchuireadh an dleacht frithdhumpála (is é sin go raibh athdhíolacháin uile an táirge faoi imscrúdú ag ZTT Europe le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin saor ó dhleacht frithdhumpála) agus, dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún neamhaird a thabhairt ar dhíolacháin ZTT Europe óna mheasúnú san ath-imscrúdú sin.

(45) Thug an Coimisiún faoi deara, de réir Airteagal 12(2) den bhun-Rialachán, gur cheart dó measúnú a dhéanamh ar an athrú ar phraghsanna a tharla tar éis thréimhse an imscrúdaithe bunaidh agus roimh fhorchur na mbeart nó ina dhiaidh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh, cé is moite de dhíolacháin a rinne ZTT Europe maidir leis an táirge faoi imscrúdú a ceannaíodh roimh thréimhse an imscrúdaithe bunaidh nó lena linn, ar thug an Coimisiún neamhaird orthu ina mheasúnú.

(46) Luaigh Connect Com nár tugadh aon údar sothuigthe maidir leis an bhfáth ar cheart d'allmhaireoirí aonair a n-allmhairí a thuairisciú i gciliméadair snáithín seachas i gciliméadair chábla.

(47) Sna ceistneoirí, d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus ar na hallmhaireoirí araon na sonraí a thuairisciú i gciliméadair chábla agus i gciliméadair snáithín, mar a iarradh san imscrúdú bunaidh. Mar sin féin, rinneadh na ríomhanna uile i gciliméadair chábla.

(48) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh an grúpa ZTT nár cheart don Choimisiún, agus a chinneadh ar tháinig laghdú ar na praghsanna onnmhairiúcháin, ach na cineálacha táirgí sin a díoladh i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh freisin a chur san áireamh. D'áitigh an grúpa ZTT, go mbeadh saobhadh ann de bharr mhodheolaíocht an Choimisiúin chun comparáid a dhéanamh idir leibhéal praghsanna na gcineálacha táirgí is cosúla, toisc go bhféadfadh mionathrú ar shonraíochtaí teicniúla struchtúr PCNanna a bheith ina cúis le héagsúlachtaí móra costais agus praghsanna.

(49) Mheas an Coimisiún gurbh iomchuí comparáidí maidir le praghsanna onnmhairiúcháin a shuí le haghaidh fhormhór na gcineálacha táirgí a díoladh le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, chun léargas níos cruinne a thabhairt ar fhorbairtí i bpraghsanna idir tréimhse an imscrúdaithe bunaidh agus tréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, go mbeadh laghdú 20,6 % ar phraghsanna fós ann fiú dá mbeadh an chomparáid bunaithe ar na PCNanna comhoiriúnacha amháin. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.

(50) Sna barúlacha uaidh maidir leis an nochtadh, mhaígh an grúpa ZTT nár mhínigh an Coimisiún go leordhóthanach an mhodheolaíocht a úsáideadh chun na cineálacha táirgí is cosúla a shainaithint nó cén fáth ar measadh go raibh siad cosúil leis na cineálacha táirgí neamh-chomhoiriúnacha a díoladh i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, agus ina éagmais sin bhí seans ann go bhféadfadh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir praghsanna de chineálacha táirgí an-éagsúla, rud nach léireodh go cruinn forbairt na bpraghsanna. Rinne ZTT an maíomh sin a athdhearbhú sna barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh breise.

(51) Thug an Coimisiún dá aire gur sainaithníodh cheana sa nochtadh deiridh a soláthraíodh do ZTT na PCNanna is cosúla a úsáideann an Coimisiún. Ar bhonn nochtadh den sórt sin, d'fhéadfadh ZTT a mhíniú cén fáth nach mbeadh sé iomchuí gach ceann de na PCNanna is cosúla a roghnú i bhfianaise na saintréithe fisiciúla nó eilimintí eile agus cén fáth a mbeadh saobhadh ar thorthaí mar thoradh air sin. Mar sin féin, níor chuir ZTT aon fhianaise nó argóintí sonracha ar fáil chun bunús a thabhairt lena mhaíomh go mbeadh torthaí saofa ann, ó thaobh inchomparáideacht praghsanna de, mar thoradh ar an modheolaíocht a úsáideann an Coimisiún. Dá réir sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(52) Thairis sin, mhaígh an grúpa ZTT gur thug an Coimisiún neamhaird ar éifeacht na difríochta sa mheascán táirgí a díoladh i dtéarmaí praghais agus cainníochta i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin i gcomparáid leis an meascán a díoladh i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh, agus é á chinneadh aige ar tháinig laghdú ar na praghsanna onnmhairiúcháin. Mhaígh an grúpa ZTT gur cheart don Choimisiún ceann de na nithe seo a leanas a dhéanamh chun an meascán táirgí a chur san áireamh: (1) a mheáchan a ríomh do gach cineál táirge sa luach onnmhairiúcháin iomlán i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin agus ansin an meáchan sin a iolrú faoin gcóimheas difríochta praghais; nó (2) an difríocht sa phraghas in aghaidh gach cineáil táirge a iolrú faoi chainníocht an chineáil táirge sin a díoladh i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin. Sa chás sin, mhaígh an grúpa ZTT go mbeadh méadú ar an bpraghas onnmhairiúcháin ann, ar an iomlán. Mhaígh an grúpa ZTT freisin gur dhíol sé níos mó cáblaí ag a bhfuil líon níos ísle snáithíní, le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, cáblaí a bhí níos saoire ná cáblaí ag a bhfuil líon níos airde snáithíní. Níor shonraigh an grúpa ZTT, áfach, cad a bheadh i gceist le cábla ag a bhfuil 'líon níos ísle snáithíní' agus cábla ag a bhfuil 'líon níos airde snáithíní'. Tháinig an grúpa ZTT ar an gconclúid, ar an mbonn sin, gur tháirgí ar phraghas íseal iad formhór na gcineálacha táirgí a díoladh i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, ach gur díoladh níos mó táirgí ar phraghas níos airde i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh, agus, dá bhrí sin, go mbeadh pictiúr saofa ann mar thoradh ar chomparáid shimplí idir an meánleibhéal ualaithe praghsanna in aghaidh an chineáil táirge i ngach tréimhse.

(53) Thug an Coimisiún dá aire gurb ionann meáchan na gcáblaí ag a bhfuil líon níos ísle snáithíní (i.e. suas le 6 shnáithín) agus [45 % – 56 %] de mhéid iomlán na ndíolachán i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh, i gcomparáid le [43 % – 54 %] i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin. Dá bhrí sin, ba ionann na cáblaí sin agus sciar níos lú de na díolacháin i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, i gcomparáid le tréimhse an imscrúdaithe bunaidh, d'ainneoin ar mhaígh an grúpa ZTT. Trí cháblaí ina bhfuil suas le 8 snáithín a chur san áireamh, b'ionann na cáblaí sin agus [47 % – 60 %] i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh, i gcomparáid le [48 % – 61 %] i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, céatadáin atá sách cosúil le chéile agus a mbeadh tionchar fánach acu ar mheánphraghas na gcineálacha táirgí sin.

(54) Thairis sin, murab ionann agus an méid a mhaígh an grúpa ZTT, an dá mhodh a mhol an grúpa ZTT chun an difríocht sa mheascán táirgí i dtéarmaí luacha agus méid idir tréimhse an imscrúdaithe bunaidh agus tréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin a chur san áireamh, ní thugann siad aghaidh ar an difríocht sin, mar ní chuirtear san áireamh leis an dá mhodh ach an meascán táirgí i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin. Thairis sin, déanann an chéad mhodh athruithe coibhneasta ar phraghsanna a ualú de réir chion luach díolacháin gach PCN sna díolacháin iomlána i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, agus déanann an dara modh dearbh-dhifríochtaí praghais a ualú de réir mhéid dhíolacháin gach PCN i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin. Ní mhíníonn an grúpa ZTT cén fáth a bhfuil modh amháin bunaithe ar dhearbhuimhreacha agus go bhfuil an ceann eile bunaithe ar uimhreacha coibhneasta (céatadáin). Léiríonn sé sin go raibh na modhanna a mhol an grúpa ZTT treallach agus neamhréireach.

(55) In aon chás, thug an Coimisiún dá aire, mar a luaitear in aithris (38), de bhun Airteagal 12 den bhun-Rialachán, go bhfuil sé d'aidhm ag an imscrúdú ionsúcháin a shuí, mar chéad chéim, ar tháinig laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin nó an raibh aon athrú ann, nó athrú neamhleor, ar phraghsanna athdhíola nó ar phraghsanna díola ina dhiaidh sin san Aontas den táirge faoi imscrúdú tar éis thréimhse an imscrúdaithe bunaidh (in aghaidh an chineáil táirge), rud a d'fhágfadh go mbeadh gá leis an gcorrlach dumpála a athchinneadh sa dara céim. Maidir leis an gcéad chéim, scrúdaigh an Coimisiún ar tháinig laghdú ar na praghsanna onnmhairiúcháin i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin i gcomparáid leis na praghsanna onnmhairiúcháin i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Rinneadh an t-imscrúdú sin de réir an chineáil táirge. Agus an difríocht sa phraghas de réir an chineáil táirge á ríomh, thug an Coimisiún dá aire gur tháinig laghdú iarbhír ar na praghsanna onnmhairiúcháin i gcás a lán cineálacha táirgí. Ar an mbonn sin, is féidir teacht ar an gconclúid cheana féin gur tháinig laghdú ar phraghsanna de réir bhrí Airteagal 12 den bhun-Rialachán. Mar a tugadh faoi deara cheana in aithris (41), tháinig laghdú 13,2 % ar an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe i gcás an ghrúpa ZTT. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(56) Sna barúlacha uaidh maidir leis an nochtadh deiridh breise, mhaígh an grúpa ZTT go bhfuil modheolaíocht an phraghais 'CAL ríofa' a úsáideann an Coimisiún chun an t-athrú ar an bpraghas onnmhairiúcháin a shuí lochtach agus, i gcás na ndíolachán a dhéantar tríd an allmhaireoir gaolmhar, ba cheart don Choimisiún praghas athdhíola an allmhaireora ghaolmhair a chur i gcomparáid seachas an praghas 'CAL ríofa', mar a líomhnaítear a cheanglaítear le hAirteagal 12 den bhun-Rialachán nó, ina éagmais sin, ba cheart don Choimisiún corrlach brabúis de chuid allmhaireoir neamhghaolmhar san Aontas a úsáid a bheadh níos iomchuí ná an ceann a d'úsáid sé chun an praghas CAL a ríomh.

(57) Rinne an Coimisiún neamhaird ar na líomhaintí a rinneadh maidir le húsáid mhíchuí na bpraghsanna CAL, ós rud é gur soláthraíodh i ndiaidh an spriocdháta a leagadh síos le haghaidh barúlacha maidir leis an nochtadh deiridh. Thairis sin, níor tugadh aon mhíniú ar an bhfáth nár cheart an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, murab ionann agus tréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Maidir leis an leibhéal brabúis, rinne an Coimisiún tagairt d'aithris (70) inar tugadh aghaidh ar an tsaincheist sin cheana féin. Níor cuireadh aon fhianaise nua ar fáil.

(58) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil laghdú tagtha ar na praghsanna onnmhairiúcháin de bhun Airteagal 12 den bhun-Rialachán.

3.2. **Dumpáil**

3.2.1. *An praghas onnmhairiúcháin*

(59) Úsáideadh na praghsanna onnmhairiúcháin i leith thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, a bailíodh agus a fhíoraíodh nó a rinneadh a chros-seiceáil faoi chuimsiú an ath-imscrúdaithe seo, de bhun Airteagal 12(2) den bhun-Rialachán.

(60) Rinne na grúpaí sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin táirgí a onnmhairiú go dtí an tAontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí gaolmhara atá ag gníomhú ina ngníomhairí, ina dtrádálaithe, nó ina n-allmhaireoirí.

(61) Ba é an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh na dtáirgí a díoladh go díreach le custaiméirí neamhspleácha san Aontas agus trí chuideachtaí trádála gaolmhara an praghas a íocadh go hiarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge faoi imscrúdú nuair a díoladh é lena onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(62) Bunaíodh an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh díolachán trí allmhaireoirí gaolmhara de réir an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe ar dtús le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas le haghaidh na gcostas uile arna dtabhú idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SGA') na n-allmhaireoirí gaolmhara agus brabús réasúnta. Is iad na hallmhaireoirí gaolmhara ZTT Europe GmbH don ghrúpa ZTT, agus FiberHome International Poland Sp. z o.o., agus FiberHome International Germany GmbH don ghrúpa FTT.

(63) Ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh an grúpa ZTT, na costais phacáiste le haghaidh dhíolacháin ZTT a rinneadh trí chuideachtaí gaolmhara áirithe i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, go ndearna an Coimisiún na costais sin a chomhaireamh faoi dhó agus an praghas onnmhairiúcháin á ríomh.

(64) Fuarthas go raibh údar leis an maíomh sin agus rinneadh coigeartú ar an bpraghas onnmhairiúcháin dá réir.

(65) Mhaígh an grúpa ZTT freisin, agus praghas onnmhairiúcháin dhíolacháin ZTT trí cheann dá chuideachtaí gaolmhara i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin á ríomh ag an gCoimisiún, gur úsáid sé go mícheart mar liúntas ionadach liúntas aonaid bunaithe ar shonraí thréimhse an imscrúdaithe bunaidh chun na liúntais do dhíolacháin ZTT le ceann dá chuideachtaí gaolmhara a shuí. D'áitigh an grúpa ZTT nach raibh an liúntas ionadach sin cruinn toisc gur bhain sé le tréimhse eile seachas tréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, agus ríomhadh é bunaithe ar idirbheart amháin i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh a raibh cainníocht íseal ann lena linn, rud nach bhfuil ionadaíoch. Mhol an grúpa ZTT gur cheart don Choimisiún an lamháltas aonaid idir dhá chuideachta ghaolmhara dá chuid a úsáid i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin.

(66) Fuarthas go raibh údar leis an maíomh sin agus rinneadh coigeartú ar an bpraghas onnmhairiúcháin dá réir.

(67) Mhaígh an grúpa ZTT freisin gur trí thionscadal a rinneadh díolacháin an táirge lena mbaineann de ghnáth, agus go raibh aga tionscanta réasúnta fada idir tabhairt i gcrích na caibidlíochta maidir le praghsanna agus seachadadh na dtáirgí uile a chumhdaítear leis na tionscadail. I gcásanna áirithe, go háirithe nuair a rinneadh díolacháin trí phróiseas sonrach díolacháin, níorbh fhéidir praghsanna díolacháin a mhodhnú a thuilleadh chun costas lasta a chur san áireamh. Dá bhrí sin, b'éigean don ghrúpa ZTT na costais lasta aigéin a tabhaíodh i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin a chumhdach, costais a líomhnaítear a bheith níos airde ná i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Ina theannta sin, na costais eisceachtúla arda lasta aigéin i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, mhaígh an grúpa ZTT go raibh tionchar mór acu sin ar ríomh an phraghais onnmhairiúcháin a suíodh ar leibhéal díreach ón monarcha agus, dá bhrí sin, ba é ba chúis, den chuid ba mhó, leis an gcorrlach dumpála ard a suíodh le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin ná na costais lasta thar a bheith ard sin a asbhaint i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, ach nár léirigh siad sin gnáthchúrsaí trádála. Mar thoradh air sin, d'iarr an grúpa ZTT ar an gCoimisiún na costais sin a choigeartú anuas i gcomhréir leis an méadú a tháinig orthu idir tréimhse an imscrúdaithe bunaidh agus tréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin.

(68) Thug an Coimisiún dá aire nár thíolaic an grúpa ZTT aon fhianaise thacaíochta maidir leis an aga fada líomhnaithe idir tabhairt i gcrích na caibidlíochta maidir le praghsanna agus seachadadh na dtáirgí uile. Thairis sin, le linn na gcros-seiceálacha cianda, dheimhnigh na cuideachtaí laistigh den ghrúpa ZTT nár dhíol siad cáblaí snáthoptaice tríd an bpróiseas díolacháin áirithe dá ndearna an grúpa ZTT ina mhaíomh. Taifeadadh an méid sin sna tuarascálacha misin a nochtadh don ghrúpa ZTT agus níor léirigh an grúpa ZTT go raibh an toradh fíorasach sin mícheart. Thairis sin, ní dhearnadh an maíomh sin go dtí tar éis an nochta deiridh, agus ní raibh an Coimisiún in ann é a fhíorú ach amháin ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil sa chomhad a léirigh nach raibh ach aga moille dhá nó ceithre mhí idir dáta an ordaithe ceannaigh agus an dáta loingseoireachta, aga nach bhfuil ró-fhada. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(69) Ina theannta sin, mhaígh an grúpa ZTT gur suíodh corrlach brabúis an allmhaireora neamhghaolmhair dá dtagraítear in aithris (62) i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh agus, dá bhrí sin, go raibh na measatacháin air le haghaidh thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin iomarcach, i bhfianaise na gcostas ard lasta, an choir chun donais eacnamaíoch le linn an bhoilscithe ard san Eoraip, chomh maith leis na dleachtanna frithdhumpála a bhí i bhfeidhm i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin. Dá bhrí sin, d'iarr an grúpa ZTT ar an gCoimisiún leibhéal réasúnta brabúis a shuí maidir le hallmhaireoir neamhghaolmhar i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin.

(70) Thug an Coimisiún dá aire go raibh maíomh an ghrúpa ZTT maidir le costais lasta ag teacht salach ar a chéile. Ar thaobh amháin, mhaígh sé gurb é an grúpa ZTT a sheas na costais arda lasta i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin mar a mhínítear in aithris (67), agus ar an taobh eile, bhí tionchar ag na costais arda lasta chéanna ar bhrabúsacht allmhaireora san Aontas. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (16), níor chomhoibrigh aon allmhaireoir neamhghaolmhar san imscrúdú. Mar thoradh air sin, níor cuireadh aon fhaisnéis ábhartha ar fáil don Choimisiún a bhaineann go sonrach le tréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár shonraigh an grúpa ZTT cén leibhéal corrlaigh bhrabúis réasúnta a bhí ag allmhaireoir neamhghaolmhar i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(71) Sna barúlacha uaidh maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh an grúpa FTT, agus an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh díolacháin dhíreacha de chuid FiberHome Technologies International Technologies Co., Ltd ('FTT') agus le haghaidh dhíolacháin Nanjing Wasin Fujikura Optical Communication Ltd. trí FTT á ríomh ag an gCoimisiún, gur asbhain sé dhá oiread na táille gníomhaire de chuid Wuhan FiberHome International Technologies ('WFIT').

(72) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Mar a míníodh sa nochtadh rúnda a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta don ghrúpa FTT, baineadh méid na táille gníomhaire a tuairiscíodh faoi 'liúntais eile' ó mhéid iomlán na táille gníomhaire arna ríomh bunaithe ar chéatadán na dtáillí gníomhaire a shonraítear i gcomhaontuithe na Gníomhaireachta le WFIT le haghaidh 2021 agus 2022. Bhí an mhodheolaíocht sin le feiceáil freisin sna comhaid ríofa a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta a cuireadh ar fáil don ghrúpa FTT. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(73) Mhaígh an grúpa FTT freisin gur asbhain an Coimisiún faoi dhó an táille lasta intíre, uair amháin mar liúntas sa chomhad liostaithe idirbheart agus uair amháin eile chun costais SGA de chuid FTT a ríomh.

(74) Chinn an Coimisiún go bhfuil údar leis an maíomh sin agus rinne sé athbhreithniú ar an bpraghas onnmhairiúcháin dá réir.

3.2.2. *Gnáthluach*

(75) Úsáidtear gnáthluach de réir mar a socraíodh san imscrúdú bunaidh chun corrlaigh dhumpála a ríomh le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, mura n-iarrtar an gnáthluach a leasú agus athruithe a tharla le linn na tréimhse sin á gcur san áireamh, agus mura dtugtar bunús leis sin, faoi Airteagal 12(5) den bhun-Rialachán.

(76) Sa chás seo, níor iarr na grúpaí sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin go ndéanfaí athbhreithniú ar an ngnáthluach. Dá bhrí sin, úsáideadh an gnáthluach a suíodh san imscrúdú bunaidh chun na corrlaigh dumpála a athríomh.

(77) Roinnt de na cineálacha táirge a dhíol na grúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, níor dhíol siad na cineálacha táirge sin i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Sa chás sin, úsáideadh an gnáthluach do na cineálacha táirgí is cosúla a dhíol na táirgeoirí faoi seach san imscrúdú bunaidh.

(78) Sna barúlacha uaidh maidir leis an nochtadh deiridh, mhaígh an grúpa FTT nár bhreithnigh an Coimisiún ach na ceithre pharaiméadar PCN, i.e. cineál snáithíní optúla aonmhóid sa chábla, trastomhas snáithíní optúla brataithe, líon na snáithíní sa chábla agus líon na snáithíní sa chábla agus líon na snáithíní in aghaidh an mhodúil. D'áitigh FTT, ar an mbonn sin, go mbeadh roinnt PCNanna atá ag teacht go dlúth le chéile ar fáil, seachas PCN amháin, agus gur cheart don Choimisiún gnáthluach na PCNanna uile atá ag teacht go dlúth le chéile a úsáid. Sna barúlacha uaidh maidir leis an nochtadh deiridh breise, mhaígh an grúpa FTT freisin go raibh an modh a roghnaigh an Coimisiún chun cineálacha táirgí atá cosúil le chéile a shainaithint neamhréireach, ós rud é nach ndearnadh PCNanna áirithe a chomhoiriúnú ach le dhá pharaiméadar PCN seachas le ceithre pharaiméadar PCN.

(79) D'ainneoin an mhaímh, ní hamháin gur chuir an Coimisiún ceithre pharaiméadar PCN san áireamh, ach chuir sé na paraiméadair uile a shainítear in PCN san áireamh. I gcás ina raibh níos mó ná PCN amháin ag teacht go dlúth le chéile, roghnaigh an Coimisiún an ceann leis an líon is lú difríochtaí i gcomparáid leis an PCN bunaidh. Cuireadh tuilleadh sonraí ar fáil don ghrúpa FTT sa nochtadh sonrach don chuideachta toisc go raibh faisnéis rúnda san áireamh ann. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3.2.3. *Comparáid*

(80) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(81) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin de réir na ndifríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe maidir le hiompar, árachas, láimhseáil agus luchtú, dleacht chustaim an Aontais, costais phacála, costas creidmheasa, muirir bhainc agus táille gníomhaire.

(82) Rinneadh coigeartú faoi Airteagal 2(10)(i) maidir le díolacháin tríd an gcuideachta trádála a bhaineann le ZTT, ZTT International Limited. Rinneadh coigeartuithe faoi Airteagal 2(10)(i) freisin i gcás díolacháin táirgí a mhonaraigh Zhongtian Power Optical Cable Co., Ltd, a dhíol Jiangsu Zhongtian Technology Co., Ltd, agus i gcás díolacháin táirgí a mhonaraigh Nanjing Wasin Fujikura Optical Communication Ltd a dhíol FiberHome Telecommunications Technologies Co., Ltd. Rinneadh na coigeartuithe san imscrúdú bunaidh agus fuair an Coimisiún amach go raibh na coinníollacha chun na coigeartuithe sin ar fáil i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin.

(83) Ba é a bhí sna coigeartuithe asbhaint SGA na gcuideachtaí trádála agus brabús 10 % (mar a suíodh san imscrúdú bunaidh).

3.2.4. *Corrlach dumpála*

(84) Chun an corrlach dumpála a shuí le haghaidh an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha, rinne an Coimisiún comparáid idir gnáth-mheánluach ualaithe gach cineál den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe de chineál comhfhreagrach an táirge faoi imscrúdú, ar bhonn praghas díreach ón monarcha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(85) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhsampláilte, shuigh an Coimisiún corrlach dumpála ar leibhéal mheánchorrlach dumpála ualaithe an táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán.

(86) Chun an corrlach a shuí do gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa tSín, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, i bhfianaise mhéid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas agus an méid onnmhairí iomlán measta ón tSín.

(87) Bhí an leibhéal comhair ard sa chás sin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an corrlach dumpála iarmharach a shuí ar leibhéal na cuideachta sampláilte ag a raibh an corrlach dumpála is airde.

(88) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas an chostais, árachais agus last-táille ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

Ainm na cuideachta	Corrlach dumpála i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh	Corrlach dumpála i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin	Méadú ar an gcorrlach dumpála (p.p.)
An grúpa FTT: — FiberHome Telecommunication Technologies Co., Ltd. — Nanjing Wasin Fujikura Optical Communication Ltd.	44,0 %	116,6 %	72,6
An grúpa ZTT: — Jiangsu Zhongtian Technology Co., Ltd. — Zhongtian Power Optical Cable Co., Ltd.	19,7 %	67,3 %	47,6
Cuideachtaí comhoibríocha eile	31,2 %	109,2 %	78,0
Gach cuideachta eile	44,0 %	116,6 %	72,6

(89) Mar a léirítear sa tábla thuas, i ngach cás bhí an corrlach dumpála i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin níos airde ná an corrlach le linn thréimhse an imscrúdaithe bunaidh.

3.3. **Leibhéal díchuir díobhála**

(90) Chun leibhéal na dleachta frithdhumpála is infheidhme a chinneadh, rinne an Coimisiún seiceáil an mbeadh corrlaigh dhumpála fós faoi bhun na gcorrlach díobhála bunaithe ar na praghsanna onnmhairiúcháin i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin.

(91) Chinn an Coimisiún an leibhéal díothaithe díobhála bunaithe ar chomparáid idir meánphraghas ualaithe onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a suíodh i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin agus meánphraghas neamhdhíobhalach ualaithe den táirge comhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais mar a bunaíodh le linn thréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Aon difríocht a tháinig chun cinn ón gcomparáid sin, sloinneadh í mar chéatadán de mheánluach ualaithe allmhairí CAL.

(92) Níor dhíol táirgeoirí sampláilte an Aontais gach cineál táirge a dhíol na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh. Chun leibhéal inchomparáideachta leordhóthanach a áirithiú, nuair is féidir, rinne an Coimisiún comparáid idir praghsanna na gcineálacha táirgí 'neamh-mheaitseáilte' (na cinn ag a bhfuil an chainníocht allmhairiúcháin is airde i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin) agus praghsanna neamhdhíobhálacha na gcineálacha táirgí is cosúla agus a dhíolann táirgeoirí an Aontais mar a suíodh le linn thréimhse an imscrúdaithe bunaidh.

(93) Sainíodh an leibhéal díchuir díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach cuideachta eile' ar aon dóigh leis na corrlaigh dhumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin.

(94) Aimsíodh na corrlaigh díobhála seo a leanas:

Ainm na cuideachta	An leibhéal díothaithe díobhála i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin
An grúpa FTT: — FiberHome Telecommunication Technologies Co., Ltd. — Nanjing Wasin Fujikura Optical Communication Ltd.	131,5 %
An grúpa ZTT: — Jiangsu Zhongtian Technology Co., Ltd. — Zhongtian Power Optical Cable Co., Ltd.	99,1 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	128,7 %
Gach cuideachta eile	131,5 %

4. **CONCLÚID**

(95) Tháinig méadú ar chorrlaigh dumpála ghrúpaí sampláilte na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin arna ríomh i leith thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin i gcomparáid leis na corrlaigh a leagtar síos i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh.

(96) San imscrúdú frith-fhóirdheontais (féach aithris (2)), laghdaigh an Coimisiún an corrlach dumpála a aimsíodh san imscrúdú bunaidh le méid iomlán an fhóirdheonaithe chun 'áireamh dúbailte' a sheachaint, i gcomhréir le hAirteagal 24(1) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais ([8]). Dá réir sin, ós rud é nach ndéanann an t-imscrúdú seo difear don imscrúdú frith-fhóirdheontais, ní mór an ráta fóirdheonaithe a suíodh ar dtús a asbhaint ó na corrlaigh dhumpála a bunaíodh i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin.

(97) Tá na corrlaigh dhumpála i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, a suíodh mar a mhínítear in aithris (96), níos ísle ná an leibhéal díothaithe díobhála a leagtar síos i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 9(4) den bhun-Rialachán, is iad na corrlaigh dhumpála nua is bunús leis na dleachtanna frithdhumpála.

(98) Ní fhéadfaidh an ráta dleachta frithdhumpála athbhreithnithe a bheith níos mó ná dhá oiread na dleachta frithdhumpála a forchuireadh ar dtús, i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den bhun-Rialachán.

(99) Dá bhrí sin, is mar seo a leanas a bheidh rátaí leasaithe na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis an nglanphraghas saor ag teorainn an Aontais roimh dhleacht:

Ainm na cuideachta	Corrlach dumpála i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin	Dleacht frithchúitimh i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh	An leibhéal díothaithe díobhála i dtréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin	Dleacht frithdhumpála a eascraíonn as tréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin	An dleacht arna teorannú le hAirteagal 12(3) BR (féach aithris (98))	Dleacht frithdhumpála athbhreithnithe
An grúpa FTT: FiberHome Telecommunication Technologies Co., Ltd. Nanjing Wasin Fujikura Optical Communication Ltd. Hubei Fiberhome Boxin Electronic Co., Ltd ([1])	116,6 %	10,3 %	131,5 %	106,3 %	88,0 %	88,0 %

([8]) Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55).

An grúpa ZTT: Jiangsu Zhongtian Technology Co., Ltd. Zhongtian Power Optical Cable Co., Ltd.	67,3 %	5,1 %	99,1 %	62,2 %	39,4 %	39,4 %
Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú san imscrúdú frith-fhóirdheontais agus frithdhumpála araon	109,2 %	7,8 %	128,7 %	101,4 %	62,4 %	62,4 %
Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú san imscrúdú frithdhumpála agus nach bhfuil ag comhoibriú san imscrúdú frith-fhóirdheontais	109,2 %	10,3 %	128,7 %	98,9 %	62,4 %	62,4 %
Gach cuideachta eile	116,6 %	10,3 %	131,5 %	106,3 %	88,0 %	88,0 %

([1]) Níor onnmhairigh an Grúpa FTT chuig an Aontas an táirge faoi imscrúdú a rinne Hubei Fiberhome Boxin Electronic Co., Ltd le linn thréimhse an imscrúdaithe ionsúcháin, ach d'onnmhairigh sé é le linn thréimhse an imscrúdaithe bunaidh.

(100) Sna barúlacha uaidh maidir leis an nochtadh deiridh, a athdhearbhaíodh sna barúlacha ar an nochtadh deiridh breise, ós rud é nár cheart an ráta dleachta frithdhumpála athbhreithnithe a bheith níos mó ná dhá oiread na dleachta frithdhumpála a forchuireadh ar dtús agus gurbh é 14,6 % an dleacht frithdhumpála tosaigh a forchuireadh ar an ngrúpa ZTT, mhaígh an grúpa ZTT nár cheart an ráta dleachta frithdhumpála athbhreithnithe le haghaidh an ghrúpa ZTT a bheith níos mó ná 29,2 %. Dá bhrí sin, ní féidir leis an ráta dleachta frithdhumpála a bheith cothrom le 39,4 %, de réir mar a ríomh an Coimisiún.

(101) Thug an Coimisiún dá aire gurb ionann an dleacht frithdhumpála tosaigh a forchuireadh ar an ngrúpa ZTT agus 19,7 % de bhun an bhun-Rialacháin. An dleacht frithdhumpála 14,6 % dá dtagraíonn grúpa an ZTT in aithris (100), ba í an dleacht frithdhumpála tar éis fhorchur na dleachta frithchúitimh lenar laghdaíodh an dleacht frithdhumpála atá i bhfeidhm chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, mar a mhínítear in aithris (765) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún agus aithris (2) den Rialachán seo. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(102) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bhunaítear le hAirteagal 15 (1) den bhun-Rialachán,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(2):

'2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí maidir le dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, a bhí ag an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
An grúpa FTT: FiberHome Telecommunication Technologies Co., Ltd. Nanjing Wasin Fujikura Optical Communication Ltd. Hubei Fiberhome Boxin Electronic Co., Ltd	88,0 %	C696

An grúpa ZTT: Jiangsu Zhongtian Technology Co., Ltd. Zhongtian Power Optical Cable Co., Ltd.	39,4 %	C697
Cuideachtaí eile a chomhoibríonn in imscrúdú frith-fhóirdheontais agus in imscrúdú frithdhumpála araon atá liostaithe in Iarscríbhinn I de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72	62,4 %	Féach Iarscríbhinn I
Cuideachtaí eile a chomhoibríonn in imscrúdú frith-fhóirdheontais ach nach gcomhoibríonn in imscrúdú frithdhumpála atá liostaithe in Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72	62,4 %	Féach Iarscríbhinn II
Gach cuideachta eile	88,0 %	C999’

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

‘*Airteagal 2*

I gcás ina gcuireann táirgeoir onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún, féadfar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán 2021/2011 a leasú ach an táirgeoir onnmhairiúcháin nua sin a chur le liosta na gcuideachtaí comhoibríocha nach n-áirítear sa sampla agus ar an gcaoi sin faoi réir an mheánráta ualaithe dleachta frithdhumpála iomchuí, is é sin 62.4 %. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ní dhearna sé na hearraí a thuairiscítear in Airteagal 1(1) de Rialachán 2021/2011 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdaithe (an 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020);

(b) níl sé gaolmhar le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart a fhorchuirtear leis an Rialachán seo; agus

(c) na hearraí ar a bhfuil cur síos in Airteagal 1(1), earraí dar tionscnamh Daon-Phoblacht na Síne, is earraí iad atá onnmhairithe aige, sin nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach de na hearraí a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh thréimhse an imscrúdaithe.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN